

AN BHÓ A D'ITH AN PÍOBAIRE

Aimsir bhriste a bhí ann, an t-am a ghnóthuigh na Sasanaigh ar Éire. Ní raibh cead ag duine ar bith a bheith amuich san oidhche ó chaithfeadh sé an dó dhéag. An duine a bheadh amuich ina dhiaidh sin bhí sé le caitheamh nó le tabhairt chun bealaigh.

Bhí an píobaire seo amuich deireannach agus bhí sé a' triall ar an teach seo a raibh dóigh déanta aige de, agus casadh fear marbh ar an mbóthar dó. Láimhsigh sé an fear a' féachaint a raibh sé beo chor ar bith. Bhí sé marbh ar fad, fuaruihthe. Bhreathnuigh an píobaire annsin ar na bróga. Bhí péire maith bróga ar an bhfear marbh. Shíl an píobaire na bróga a bhaint de ach níor fhéad sé. Ghearr sé annsin na cosa agus agus thug sé leis na bróga agus an méid a bhí thíos ins na bróga nó go dtáinig sé ag an teach a mbeadh sé a' triall i gcomhnaidhe air nó gur bhuail sé ar an doras.

"Cé tá annsin?" adeir fear a' tighe. "Mise Páidín an píobaire" adeir sé. "Ó teirigh amach leis an mbó" adeir sé. "Dá n-osgluighinn an doras níl fhios agam céard d'eireochadh dom féin" adeir sé. "Téirigh amach leis an mbó sa sgioból."

Chuaidh an píobaire amach sa sgioból in éinfheacht leis an mbó. Chodail sé sa sgioból go raibh sé in lá. Bhí aonach in aice leis an áit agus a bhí deifir ar an bpíobaire go dteigheadh sé ar an aonach. D'fhág sé ina dhiaidh na bróga.

Nuair a d'eirigh an mac agus chuaigh sé amach sa sgioból sé an chéad rud a chonnaic sé na bróga agus na troighthe thíos ionntab. Bhuail sé isteach ag an athair. "A athair" adeir sé, "Céard deir tú leis an mbó a d'ith an píobaire." "Stop" adeir an t-athair. "Eirigh go bhfeicfidh tú" adeir an mac. D'eirigh an t-athair, chuaidh sé amach agus chonnaic sé. "Arduigh leat í, agus tabair chun an aonaigh í" adeir an t-athair, "agus b'fhéidir go ndíolfá í. Ná hinnis d'aon duine gur ith sí an píobaire."

D'imthigh sé leis a' tabhairt na bó ar an aonach. Ní fada a bhí siubhalta aige nuair a chonnaic sé bean a' teacht ina aghaidh ar an mbóthar.

"Coinnigh istigh" adeir sé léithe.

"Tuige" adeir an bhean.

"D'ith an bhó sin píobaire aréir" adeir sé.

"Go sábháilidh Dia sinn" adeir an bhean.

Chuaidh sí de leath-taobh.

Bhí sé ag imtheacht leis gur casadh fear leis. D'fhuagair sé ar an bhfear an bealach a fhágáil, gur ith an bhó si píobaire aréir. Níl duine ar bith a casfaidhe dó nach raibh sé a' fuagairt air an bealach a fhágáil.

Nuair a tháinig sé ar an aonach chuala sé ceaol píobaire. Sé an ceol a bhí dá chasadh "Reel Seán Aerach" agus d'aithnigh fear na bó an ceol agus bhí fhios aige gurbh é an píobaire a bhí ann. Bhí sé a' fuagairt i gcomhnaidhe ar na daoine coinneál amach ón mbó, gur ith sí píobaire aréir. Chuala an píobaire é agus dhoird sé in aice leis agus chuir sé cogar ina chluais. "Tabhair abhaile an bhó" adeir sé, "is mise an píobaire."

"Ó is tú anois" adeir an fear, "aithnighim anois thú" adeir sé, "ach fuair mé péire bróg sa sgioból ar maidin agus na troighthe ionntab."

"Sin péire bróg a d'fhág mise i mo dhiaidh" adeir an píobaire. "Tabhair abhaile do bhó agus bíodh cion agat uirthé."

Tháinig an mac abhaile leis an mbó. Chonnaic an t-athair a' tigheacht é.

"Níor dhíol tú an bhó a Shéamuis."

"Níor dhíol."

"Tuige?"

"Nár dhubhairt an píobaire liom gur bróga iad sin a bhain sé féin de fhear marbh a casadh dó ar an mbóthar. Beidh sé a'teacht anoch dá n-iarraidh."

"Ó nach fadó indiu a chuir mise na bróga agus na cosa" adeir an t-athair.

Nuair a tháinig an píobaire dubhairt an t-athair gur chuir sé na bróga. "Is mór an truagh na bróga nua sin a chur" adeir an píobaire. "Tógfaidh mé aríst iad más maith leat" adeir an t-athair.

"Lá'r na bhárach thóg sé féin agus an píobaire na bróga. Chuireadar aríst na cosa. Bhí an píobaire áthasach nuair a bhí péire nua bróg aige. Bhí airgead gann.